


BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

PB1399.
D4D7

PRINTED AT
THE TALBOT PRESS LTD
DUBLIN,
IRISH FREE STATE.

# Dornán · Dán

PRINTED AT
THE TALBOT PRESS LTD
DUBLIN,
IRISH FREE STATE.

Boston College


Is rud é go bḟuil an saoġal
líonta le niḋṫiḃ
Bad ċóir dúinn i gcoṁnuiḋe
beiṫ sonaiḋe mar Ríġṫiḃ.
'SAOR'

# Sornán Sán

Aoḋ Sandraċ
de Blácam
do ċum

"Saor" do ṁaisiġ

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

The Talbot Press Ltd
Baile Aṫa Cliaṫ

PB1399.
D4D7



Tiocfaiḋ Geiṁreaḋ
ar do ġruaḋ
Aċt beiḋ Saṁraḋ
ann do ċroiḋe

159117

# Le linn na h-Óige

Ar do ġruaḋ tá an Saṁraḋ,
Lasann sé mar bláṫ na Rós;
Aċt istiġ id ċroiḋe, a ainnir,
Tá an Geiṁreaḋ fuar, fós—

Aċt má beur tú gráḋ dom, ainnir
Ní mar sin a béas tú coiḋċe—
Tiocfaiḋ Geiṁreaḋ ar do ġruaḋ
Aċt béiḋ Saiṁraḋ ann do ċroiḋe.

# Ċum Braiġe Ġaeḋealaiġ

Múscail do misneaċ,
A ċara go dlúṫ,
Geobaiḋ tú saoirse
As carcair go luaṫ;

Geobaiḋ tú fáilte
Mar fáilte roiṁ Ríġ-
An laoċ do lean lorg
Na laoċra ba ġroiḋe;

Geobaiḋ tú árd-ġean
Ó Ġaeḋealaiḃ go buan,
Fíon a's filiḋeaċt
Cuiṁne a's clú.

# Molaḋ na Seasúr

Éiriġeann as na gáirdíníḃ,
Tríḋ an ġleann go léir,
Deataċ teineaḋ foġmair
Árd a's liaṫ 'san aer.

D'imṫiġ ṫarainn Samraḋ
Bláṫa Samraiḋ d'feóḋ—
Lasann geal an teine
Croṫann suas an ceó

Molaimíd na seasúir
Gaċ ceann geal go leór—
Ins an Samraḋ bláṫa,
Teine ins an bFoġmar.




A De ! ..'sé an bás an donas
A's tá sé ag an doras . . . .



# SEAN-AOIS

Fá ċoill ní raġ'míḋ arís,
Aċt fanfaiḋ sinn cois teineaḋ,
A's tráċtfaiḋ sinn go caoin
Ar an saoġal naċ dtillfiḋ tuilleaḋ.

Na coillte, táid go fiaḋain,
A's garb tá na bealaiġ—
Fá ċoill ní raġmíḋ arís
Aċt fanfaiḋ sinn 'sa baile.

Nuair do bíomar óg
Bíoḋ orrainn sóġ a's sonas,
A Ḋé! — sé an bás an donas,
A's tá sé ag an doras ......
Fá ċoill ní ṫillfiḋ sinn beó,
..............'Nois, nó go deó........



Aċt tric go mbuailtear é 'sa ġaoiṫ

# Uaigneas

Mar linn go buarṫa ins an ġaoiṫ
A ṡéideas fuar gan sos gan scíṫ,
Bíonn duḃ de ġnáiṫ mo ċroiḋe,
Fá ġruaim gan suan 'sa tsaoġal gan síoṫ

Aċt ar n-eírġe ciúin d'on aer
Is gearr go mbíonn an linn soilléir,
Bíonn, dá líonaḋ, ór ón spéir
Go scaoiltear 'rís an ġlóir ġo géar.

Tig, corr-uair, ar mo ċroiḋe,
Dritleoġ ṡuaimnis, nóimeat scíṫ'—
Cuiṁne úir ar Ṗárrṫas síoṫ'—
Aċt tric go mbuailtear é ṡa ṫaoiṫ.

# Guṫ 'na Ṫost

Guṫ 'na ṫost, aċt bíonn a ceól
Ins an ċuiṁne binn go fóill;
Deaġ-ḃolaiḋ na ḃfionn-scoiṫ d'ḟeóḋ
Ins an ċuiṁne bíonn beó;

D'éag an Rós, aċt fá mo Ċroiḋe
Cruaċfaiḋ mé na duilleógaí;
A's, ar ḃfaġáil báis duit-se, lá
Ar do ċlú díl suanfaiḋ Gráḋ.

# Gile na Gile

Mar do ċlóca molaim maiseaċt an tsaoġail seo,
Geal, ioldáṫaċ, ad' ṫimpeall, a Ríoġan,
Mar do ṡeóda molaim maraon na réilteann
Ag lonnraḋ tríd do bláṫḟolt mín....

Gan tú ag siubal ann, béaḋ an saoġal seo
Mar éadaċ caiṫte gan ṁaise gan bríġ
Béaḋ mar seóda scaipṫe na réalta,—
A's béaḋ mé féin gan dúil san mbiṫ..

# Beó nó Marḃ

"Tá sé marḃ"... O, ná smuain é
Gíḋ gur reubaḋ, fuaduiġeaḋ uainn é,
Tá sé imtiġṫe; tá sé beó
Mar a ṁairfiḋ sé go deó.

Gíḋ go ṁúċtar coinnle láiṫreaċ,
Gíḋ go bḟuil an altóir duḃ,
Lasfar iad arís amáireaċ,
Tógfar fosta íobairt nuaḋ.

Anuraiḋ ġearraḋ síos na Rósa
Dearg 'nois an tír dá bḟlósa —
Stracaḋ téada cruit' go léir,
Aċt éist !... macalla ceóil 'san aer!


beó nó Marb

# ·CLÁR·


| | | |
|---|---|---|
| "Ór ruḋ é" [Ón Stiaḃnaċ] | Leaṫan a | 2 |
| Tiodal . . . . . | | 3 |
| Le Linn na h-Óige [ó Neine] . . | | 4-5 |
| Ċum Ḃraiġe Ġaedealaiġ [i. Seumas Ua Duḃġaill i gcarcair Lewes dó.] . | | 6 |
| Molaḋ na Seasúir [ón Stiaḃnaċ] . . | | 7 |
| Sean-Aois ['*Nous n'irons plus aux Bois.*'] | | 8-9 |
| Uaigneas . . . . . . | | 10—11 |
| Guṫ na Ṫost ['*Music when soft voices die.*'] | | 12 |
| Gile na Gile [Do Ṁáire Nic Ċ.] . . | | 13 |
| Beó no Marḃ? . . . . | | 14-15 |


# ·AGUISÍN·

Níl cúigeaċas sa leaḃairín seo aċt corr-ḟocal as Cúige Ulaḋ, mar atá:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Eírġe | i | n-ionad | Éirġe |
| Forta | „ | „ | Fós, Freisin |
| Síoṫ | „ | „ | Síoṫċáin |
| Till | „ | „ | Pill, Fill |
| Tric | „ | „ | Obann |

A. de B.

BOSTON COLLEGE

3 9031 01192137 6

159137

159137

De Blácam, Aod.
Author
Dornán Dan.
Title

BOSTON COLLEGE LIBRARY
UNIVERSITY HEIGHTS
CHESTNUT HILL, MASS.

Books may be kept for two weeks and may be renewed for the same period, unless reserved.

Two cents a day is charged for each book kept overtime.

If you cannot find what you want, ask the Librarian who will be glad to help you.

The borrower is responsible for books drawn on his card and for all fines accruing on the same.

The Talbot Press